C/2026/4727

2.9.2026

CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Bealtaine 2026

maidir le treoir a thabhairt do Riarthóir Lárnach Chlárlann an Aontais ceartúcháin ar tháblaí leithdháileacháin náisiúnta na Beilge, na hÉireann, na Spáinne, na Fraince, na hIodáile, na Polainne, na Slóvaice agus na Fionlainne a chur isteach i gClárlann an Aontais

(C/2026/4727)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ([1]),

Ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais ([2]), agus go háirithe Airteagal 47(3), an dara fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuir na Ballstáit an liosta suiteálacha laistigh dá gcríoch faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 11(1) de Threoir 2003/87/CE.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 2 de Chinneadh (AE) 2021/355 ón gCoimisiún ([3]), ní dhearna an Coimisiún aon agóid i gcoinne na liostaí suiteálacha a chumhdaítear le Treoir 2003/87/CE mar a thíolaic an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn, seachas mar a leagtar amach in Airteagal 1 den Chinneadh sin agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis.

(3) Maidir le réamh-mhéideanna bliantúla na lamháltas saor in aisce in aghaidh na suiteála, rinne na Ballstáit iad a chinneadh agus thug siad fógra fúthu trí úsáid a bhaint as na luachanna tagarmhairc athbhreithnithe arna gcinneadh i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún ([4]), de bhun Airteagal 14(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 ón gCoimisiún ([5]).

(4) In Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/927 ón gCoimisiún ([6]), cinneadh nár ghá aon choigeartú a chur i bhfeidhm ar réamh-mhéideanna bliantúla na lamháltas saor in aisce de bhun Airteagal 10a(5) de Threoir 2003/87/CE, toisc nár mhó an t-éileamh ná an t-uasmhéid.

(5) Thug an Bheilg fógra faoi athruithe ar a tábla leithdháileacháin náisiúnta, le litir dar dháta an 4 Iúil 2025. Ceartaíodh stádas an ghineadóra leictreachais le haghaidh shuiteáil BE-224. Ceartaíodh allmhairiú teasa neamh-CTA na foshuiteála aigéid nítrigh le haghaidh shuiteáil BE-205758. Ceartaíodh leibhéil ghníomhaíochta stairiúla na foshuiteála teasa agus na foshuiteála breosla le haghaidh shuiteáil BE-205758.

([1]) IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj.
([2]) IO L 177, 2.7.2019, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/1122/oj.
([3]) Cinneadh (AE) 2021/355 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2021 maidir le bearta cur chun feidhme náisiúnta le haghaidh leithdháileadh saor in aisce idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 68, 26.2.2021, lch. 221, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/355/oj).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún an 12 Márta 2021 lena gcinntear luachanna tagarmhairc athbhreithnithe maidir le lamháltais astaíochtaí a leithdháileadh saor in aisce le haghaidh na tréimhse ó 2021 go 2025 de bhun Airteagal 10a(2) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 87, 15.3.2021, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/447/oj).
([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 lena gcinntear rialacha uile-Aontais idirthréimhseacha maidir le leithdháileadh comhchuibhithe lamháltas astaíochtaí saor in aisce de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 59, 27.2.2019, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/331/oj).
([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/927 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2021 lena gcinntear an fachtóir ceartúcháin trasearnála aonfhoirmeach chun leithdháiltí lamháltas astaíochtaí saor in aisce a choigeartú le haghaidh na tréimhse 2021 go 2025 (IO L 203, 9.6.2021, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/927/oj).

(6) Thug Éire fógra faoi athruithe ar a tábla leithdháileacháin náisiúnta, le litir dar dháta an 17 Feabhra 2026. Cuireadh foshuiteáil gipsim thriomaithe thánaistigh le suiteáil IE-2.

(7) Thug an Spáinn fógra faoi athruithe ar a tábla leithdháileacháin náisiúnta, le litir dar dháta an 25 Márta 2026. Ceartaíodh leibhéil ghníomhaíochta stairiúla na foshuiteála teasa agus na foshuiteála breosla le haghaidh shuiteáil ES-519. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála teasa sceite carbóin le haghaidh shuiteáil ES-758. Cuireadh foshuiteáil teasa sceite neamhcharbóin le suiteáil ES-758. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála teasa sceite carbóin le haghaidh shuiteáil ES-90021. Cuireadh foshuiteáil teasa sceite neamhcharbóin le suiteáil ES-90021. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála teasa sceite carbóin le haghaidh shuiteáil ES-90030. Cuireadh foshuiteáil teasa sceite neamhcharbóin agus foshuiteáil téimh ceantair le suiteáil ES-90030.

(8) Thug an Fhrainc fógra faoi athruithe ar a tábla leithdháileacháin náisiúnta, le litir dar dháta an 2 Aibreán 2026. Cuireadh foshuiteáil breosla sceite neamhcharbóin le suiteáil FR-55. Ceartaíodh leibhéil ghníomhaíochta stairiúla na foshuiteála teasa sceite carbóin agus na foshuiteála breosla sceite carbóin le haghaidh shuiteáil FR-55. Ceartaíodh stádas sceite carbóin na foshuiteála astaíochtaí próisis le haghaidh shuiteáil FR-204907. Cuireadh foshuiteáil breosla sceite neamhcharbóin agus foshuiteáil astaíochtaí próisis sceite neamhcharbóin le suiteáil FR-204921. Ceartaíodh leibhéil ghníomhaíochta stairiúla na foshuiteála breosla sceite carbóin agus na foshuiteála astaíochtaí próisis le haghaidh shuiteáil FR-204921. Ceartaíodh stádas sceite carbóin na foshuiteála teasa agus na foshuiteála breosla le haghaidh shuiteáil FR-206303. Cuireadh foshuiteáil breosla le suiteáil FR-206360. Baineadh an fhoshuiteáil astaíochtaí próisis de shuiteáil FR-206360.

(9) Thug an Iodáil fógra faoi athruithe ar a tábla leithdháileacháin náisiúnta, le litir dar dháta an 7 Aibreán 2026. Cuireadh foshuiteáil teasa le suiteáil IT-352. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála teasa le haghaidh shuiteáil IT-941. Cuireadh foshuiteáil breosla le suiteáil IT-941.

(10) Thug an Pholainn fógra faoi athruithe ar a tábla leithdháileacháin náisiúnta, le litreacha dar dháta an 15 Eanáir 2026, an 19 Eanáir 2026 agus an 27 Márta 2026. Ceartaíodh leibhéil ghníomhaíochta stairiúla na bhfoshuiteálacha teasa le haghaidh shuiteáil PL-240. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála téimh ceantair le haghaidh shuiteáil PL-456. Baineadh an fhoshuiteáil teasa de shuiteáil PL-456. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála breosla sceite carbóin le haghaidh shuiteáil PL-202254. Baineadh an fhoshuiteáil teasa sceite neamhcharbóin, an fhoshuiteáil breosla sceite neamhcharbóin agus an fhoshuiteáil astaíochtaí próisis sceite neamhcharbóin de shuiteáil PL-202254. Cuireadh foshuiteáil hidrigine, foshuiteáil teasa sceite neamhcharbóin agus foshuiteáil astaíochtaí próisis sceite carbóin le suiteáil PL-202254.

(11) Thug an tSlóvaic fógra faoi athruithe ar a tábla leithdháileacháin náisiúnta, le litir dar dháta an 31 Márta 2026. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála aoil le haghaidh shuiteáil SK-17. Ceartaíodh leibhéil ghníomhaíochta stairiúla na foshuiteála teasa agus na foshuiteála breosla le haghaidh shuiteálacha SK-118. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála breosla le haghaidh shuiteáil SK-176. Cuireadh foshuiteáil teasa le suiteáil SK-176. Ceartaíodh leibhéil ghníomhaíochta stairiúla na foshuiteála teasa agus na foshuiteála breosla le haghaidh shuiteáil SK-197.

(12) Thug an Fhionlainn fógra faoi athruithe ar a tábla leithdháileacháin náisiúnta, le litir dar dháta an 31 Márta 2026. Ceartaíodh leibhéil ghníomhaíochta stairiúla na foshuiteála teasa agus na foshuiteála téimh ceantair le haghaidh shuiteáil FI-239. Baineadh an fhoshuiteáil astaíochtaí próisis de shuiteáil FI-395. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála teasa sceite carbóin le haghaidh shuiteáil FI-396. Cuireadh foshuiteáil teasa sceite neamhcharbóin le suiteáil FI-396. Ceartaíodh leibhéil ghníomhaíochta stairiúla na foshuiteála teasa agus na foshuiteála téimh ceantair le haghaidh shuiteáil FI-397. Baineadh an fhoshuiteáil cláir cartáin neamhbhrataithe de shuiteáil FI-397. Cuireadh foshuiteáil breosla le suiteáil FI-397. Ceartaíodh leibhéil ghníomhaíochta stairiúla na bhfoshuiteálacha teasa le haghaidh shuiteáil FI-399. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála páipéir síoda le haghaidh shuiteáil FI-404. Baineadh an fhoshuiteáil aoil de shuiteáil FI-406. Baineadh an fhoshuiteáil teasa sceite neamhcharbóin de shuiteáil FI-435. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála teasa sceite

neamhcharbóin le haghaidh shuiteáil FI-435. Ceartaíodh leibhéil ghníomhaíochta stairiúla na foshuiteála páipéir mhín neamhbhrataithe agus na foshuiteála páipéir mhín bhrataithe le haghaidh shuiteáil FI-471. Ceartaíodh leibhéil ghníomhaíochta stairiúla na foshuiteála teasa, na foshuiteála téimh ceantair, na foshuiteála breosla agus na foshuiteála astaíochtaí próisis le haghaidh shuiteáil FI-476. Ceartaíodh allmhairiú teasa neamh-CTA agus fachtóir inmhalartaitheachta leictreachais na foshuiteála gáis shintéisigh le haghaidh shuiteáil FI-476. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála astaíochtaí próisis le haghaidh shuiteáil FI-610. Baineadh an fhoshuiteáil astaíochtaí próisis de shuiteáil FI-623. Ceartaíodh fachtóir inmhalartaitheachta leictreachais na foshuiteála galscoiltiúcháin le haghaidh shuiteáil FI-623. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála gipsim thriomaithe thánaistigh le haghaidh shuiteáil FI-205649. Ceartaíodh leibhéal gníomhaíochta stairiúil na foshuiteála breosla le haghaidh shuiteáil FI-206161.

(13) Tá na táblaí leithdháileacháin náisiúnta faoina dtugtar fógra i gcomhréir le hAirteagal 10c de Threoir 2003/87/CE agus i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 agus Cinneadh (AE) 2021/355.

(14) Dá bhrí sin, is iomchuí treoir a thabhairt don riarthóir lárnach na ceartúcháin sin a chur isteach i gClárlann an Aontais,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal Aonair

Tugtar treoir leis seo do riarthóir lárnach Chlárlann an Aontais ceartúcháin ar tháblaí leithdháileacháin náisiúnta na Beilge, na hÉireann, na Spáinne, na Fraince, na hIodáile, na Polainne, na Slóvaice agus na Fionlainne, in éineacht leis na méideanna deiridh bliantúla den leithdháileadh idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí saor in aisce, le haghaidh na tréimhse ó 2021 go 2025, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, a chur isteach i gClárlann an Aontais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Wopke HOEKSTRA
Comhalta den Choimisiún

An tábla leithdháileacháin náisiúnta le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: an Bheilg

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh in aghaidh na suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
BE000000000205758	205758	EuroChem Antwerpen NV	EuroChem Antwerpen NV	284 836	284 836	284 836	284 836	284 836	1 424 180
BE000000000000224	224	AB INBEV site Leuven	INBEV Belgium bvba	5 310	5 310	5 310	5 310	5 310	26 550
IOMLÁN				290 146	290 146	290 146	290 146	290 146	1 450 730

IARSCRÍBHINN II

An tábla leithdháileacháin náisiúnta le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: Éire

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh in aghaidh na suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
IE000000000000002	2	Kingscourt Works	Saint-Gobain Construction Products (Ireland) Limited	8 048	8 048	8 048	8 048	8 048	40 240
			IOMLÁN	8 048	8 048	8 048	8 048	8 048	40 240

IARSCRÍBHINN III

An tábla leithdháileacháin náisiúnta le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: an Spáinn

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh in aghaidh na suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
ES000000000000519	519	URSA IBÉRICA AISLANTES, S.A.	URSA IBÉRICA AISLANTES, S.A.	15 227	15 227	15 227	15 227	15 227	76 135
ES000000000000758	758	GUARDIAN INDUSTRIES NAVARRA, S.L	GUARDIAN INDUSTRIES NAVARRA, S.L	91 894	91 894	91 894	91 894	91 894	459 470
ES000000000090021	90021	MASOL IBERIA BIOFUEL, S.L.U.	MASOL IBERIA BIOFUEL, S.L.U.	16 366	16 366	16 366	16 366	16 366	81 830
ES000000000090030	90030	Ciudad Agroalimentaria de Tudela S.L.	Ciudad Agroalimentaria de Tudela S.L.	6 872	6 696	6 520	6 343	6 166	32 597

IOMLÁN	130 359	130 183	130 007	129 830	129 653	650 032

An tábla leithdháileacháin náisiúnta le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: an Fhrainc

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh in aghaidh na suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
FR000000000000055	55	Tereos Starch & Sweeteners Europe Etablissement de Nesle (80190)	Tereos Starch & Sweeteners	112 869	112 869	112 869	112 869	112 869	564 345
FR000000000204907	204907	ELKEM SILICONES Site de ST Fons	ELKEM SILICONES SAS France	14 764	14 764	14 764	14 764	14 764	29 555
FR000000000204921	204921	ELKEM SILICONES Site de Roussillon	ELKEM Silicones France	61 836	61 836	61 836	61 836	61 836	2 738 985
FR000000000206303	206303	ArcelorMittal Construction France Site 1 Contrisson	ArcelorMittal Construction France Site 1 Contrisson	14 496	14 496	14 496	14 496	14 496	
FR000000000206360	206360	POLYCHIM Industrie	POLYCHIM Industrie	3 546	3 546	3 546	3 546	3 546	17 730
			IOMLÁN	207 511	207 511	207 511	207 511	207 511	3 350 615

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/4727/oj

IO C, 2.9.2026

An tábla leithdháileacháin náisiúnta le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: an Iodáil

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh in aghaidh na suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
IT000000000000352	352	Cartiera di Ferrara S.p.a.	Cartiera di Ferrara S.p.a.	0	13 795	13 795	13 795	13 795	55 180
IT000000000000941	941	Centrale produzione vapore stabilimento di San Pietro di Morubio	ITAL GREEN OIL SRL	7 122	7 122	7 122	7 122	7 122	35 610
			IOMLÁN	7 122	20 917	20 917	20 917	20 917	90 790

An tábla leithdháileacháin náisiúnta le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: an Pholainn

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh in aghaidh na suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
PL000000000000240	240	CIEPŁOWNIA KONSTANTYNOWSKA - PABIANICE	Zakład Energetyki Cieplnej Sp. z o.o.	7 756	7 756	7 756	7 756	7 756	38 780
PL000000000000456	456	Elektrociepłownia	ArcelorMittal Poland S.A.	1 593	1 552	1 511	1 470	1 429	7 555
PL000000000202254	202254	Wydział Blach Transformatorowych Stalprodukt S.A.	STALPRODUKT S.A.	31 914	31 914	31 914	31 914	31 914	159 570
			IOMLÁN	41 263	41 222	41 181	41 140	41 099	205 905

An tábla leithdháileacháin náisiúnta le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: an tSlóvaic

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh in aghaidh na suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
SK000000000000017	17	Calmit, spol. s r. o., Závod Zirany	Calmit, spol. s r. o.	30 330	30 330	30 330	30 330	30 330	151 650
SK000000000000118	118	SLOVMAG, a.s. Lubeník	SLOVMAG, a.s. Lubeník	43 087	43 087	43 087	43 087	43 087	215 435
SK000000000000176	176	Výroba keramických výrobkov vypaľovaním - Pezinská tehelňa	Pezinské tehelne - Paneláreň, a.s.	4 754	4 754	4 754	4 754	4 754	23 770
SK000000000000197	197	Tehelňa Močarmany	Leier Baustoffe SK s.r.o.	7 906	7 906	7 906	7 906	7 906	39 530
			IOMLÁN	86 077	86 077	86 077	86 077	86 077	430 385

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/4727/oj

An tábla leithdháileacháin náisiúnta le haghaidh na tréimhse 2021-2025 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE

Ballstát: an Fhionlainn

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh in aghaidh na suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
FI0000000000000623	623	Borealis Polymers Oy:n tuotantolaitokset	Borealis Polymers Oy	577 263	577 263	577 263	577 263	577 263	2 886 315
FI0000000000000395	395	Heinolan Flutingtehdas	Stora Enso Oyj	53 556	53 556	53 556	53 556	53 556	267 780
FI0000000000000476	476	Laanilan teollisuusalue	Laanilan Voima Oy	81 681	81 681	81 681	81 681	81 681	408 405
FI0000000000000610	610	Tornion voimalaitos	Tornion Voima Oy	80 891	78 812	76 733	74 655	72 576	383 667
FI0000000000000406	406	Pietarsaaren tehtaat	UPM-Kymmene Oyj	153 549	153 549	153 549	153 549	153 549	767 745
FI0000000000000471	471	Jämsänkosken paperitehdas ja voimalaitos	UPM-Kymmene Oyj	153 448	153 448	153 448	153 448	153 448	767 240
FI0000000000000404	404	Rauman tehtaat	UPM-Kymmene Oyj	213 642	213 642	213 642	213 642	213 642	1 068 210
FI0000000000206161	206161	Yara Suomi Oy Siilinjärvi	Yara Suomi Oy	129 403	129 403	129 403	129 403	129 403	647 015
FI0000000000000396	396	Stora Enso Oyj, Imatran tehtaat	Stora Enso Oyj	247 791	247 791	247 791	247 791	247 791	1 238 955
FI0000000000000435	435	Stora Enso Publication Papers Oy Ltd, Anjalan tehtaat	Stora Enso Publication Papers Oy Ltd	144 180	144 180	144 180	144 180	144 180	720 900
FI0000000000000397	397	MM Kotkamills Boards Oy	MM Kotkamills Boards Oy	166 661	166 661	166 661	166 661	166 661	833 305
FI0000000000000239	239	Aittaluodon voimalaitos	Pori Energia Oy	26 034	25 365	24 695	24 026	23 358	123 478

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/4727/oj

IO C, 2.9.2026

GA

Uimhir aitheantais na suiteála	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm na suiteála	Ainm an oibreora	Cainníocht atá le leithdháileadh					Cainníocht atá le leithdháileadh in aghaidh na suiteála
				2021	2022	2023	2024	2025	
FI000000000000399	399	Stora Enso Oyj Varkauden tehtaat	Stora Enso Oyj	83 794	83 794	83 794	83 794	83 794	418 970
FI000000000205649	205649	Saint-Gobain Rakennustuotteet Oy, Gyproc Kipsilevytehdas	Saint-Gobain Finland Oy	3 589	3 589	3 589	3 589	3 589	17 945
IOMLÁN				2 115 482	2 112 734	2 109 985	2 107 238	2 104 491	10 549 930

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/4727/oj